# Údarás na Gaeltachta


## Déanann Údarás na Gaeltachta cúram

d'fhorbairt na Gaeltachta trí fhostaíocht fhiúntach a chur ar fáil, scéimeanna forbartha pobal, tacaíocht do naíonraí agus d'ógchlubanna, deontais a chur ar fáil do thionscail, oibreacha togála, forbairt acmhainní nádúrtha, óstáin agus tithe saoire, scéimeanna oiliúna ilchineálacha, ionaid cheardaíochta, urraíocht d'fhéiltí áitiúla . . . .

**Údarás na Gaeltachta,**
**Na Forbacha.**
**Teil. (091) 92011**



# Féile an Dóilín



# An leabhar is fearr amuigh ar bhainisteoireacht airgid.

Tá leabhar íontach le fáil thíos san oifig logánta de Bhanc na hÉireann. Cabhróidh sé leat chun do ghnóthaí airgeadais a riaradh níos éifeachtaí agus chun do chuid airgid a láimhseáil níos tairbhí, chun réamhpleanáil a dhéanamh agus chun cuntas a choimeád ar chaiteachas. Beidh sé do bhuntáiste agat airgead a bheith agat i gcónaí agus ag an am chéanna gan bheith ag dul i bhfiontar airgead a iompar timpeall leat.

Ainm an leabhair?

Seicleabhar de chuid Banc na hÉireann.

**Banc na hÉireann**
An banc le do linn




# FOCAL ÓN gCOISTE

Do chéad fáilte arís chuig Féile an Dóilín. Deich mbliana ó shin go díreach a cuireadh tús leis an bhféile seo — an t-aonú ceann déag atá ar siúl i mbliana. Táimíd ag cur leis na himeachtaí arís i mbliana le luathchleasa do ghasúir Dé Sathairn ar an bpáirc, an béim ar spraoi agus spóirt níos mó ná ar choimhlint. Chomh maith leis an Seó Chapaillíní Chonamara Dé Luain beidh comórtaisí ceoil agus damhsa. Táimíd an-bhuíoch don Choiste Aclaíochta agus Sóisialta atá ag cuidiú linn leis na himeachtaí seo.

Táimid fíorbhuíoch freisin do Choiste na Páirce agus tréaslaimid leo as an obair mhór atá curtha i gcríche acu — nach mbeadh fhios agat gur fhoghlaim go leor acu an cheird ar Choiste an Dóilín?

Ar mbuíochas freisin do Choiste Bainistíochta agus Árdmháistir na Scoile Chuimsithigh a chuireann áit ar fáil dúinn le haghaidh an Seó, agus do gach duine a thugann cúnamh i bhfoirm urraíochta nó ar bhealach ar bith eile.

Déanann muid comhghairdeas leis na daoine a thuill clú agus cáil dóibh féin agus don Cheathrún Rua i rith na bliana, Aodán Ó Sé ar fhoireann peile na Gaillimhe, Micheál Ó Maolallaigh a bhain Craobh na hÉireann amach sa dornálaíocht, foireann sóisir cispheile ón Scoil Chuimsitheach a rinne an éacht céanna, Coiste Pobail na Ceathrún Rua agus na coistí eile a bhain dhá duais amach i gComórtas Forbartha Pobail an Udaráis.

Go dtuga Dia slán ón ngábh chuile iomaitheoir ins na rástaí seo agus go neartaigh sé bhur láimh i mbun na gcomórtais.

**Coiste na Bliana seo:**

| | |
|---|---|
| CATHAOIRLEACH | Pádraig Standún. |
| LEAS-CHATH.: | Micheál Ó Catháin |
| RÚNAÍ: | Úna De Bhailís. |
| LEAS-RÚNAÍ: | Treasa Nic Dhonncha |
| CISTEOIR: | Micheál Mac Donncha |
| O.C.P.: | Micheál Mac Donncha |
| COISTE: | Pádraig Mac Donncha, Pádraig Ó Cualáin, Antaine Ó Catháin, Tomás Ó Fátharta, Micheál Ó Flatharta, Tomás Ó Catháin, Pádraig De Bhailís, Seán Ó Gríofa, Beartla Ó Máille, Peigín Nic Dhonncha, Séamus Ó Cualáin, Caoimhín Ó Hara, Tom Dairbe Ó Flátharta. |
| IONTAOBHAITHE | Tomás Ó Catháin, Tom Dairbe Ó Flátharta, Micheál Mac Donncha, Pádraig Ó Cualáin. |

*An Clúdach: Clíona na Toinne ag fágáil céibh an tSrutháin le tabhairt faoin fharraige mhór. Duine dá criú, Pádraig de Bhaldraithe a dhéanfas Féile an Dóilín a oscailt go hoifigiúil ar an gcéad lá de Lúnasa.*

# Máirtín Óg Mac Donnacha

## Conraitheoir Iompair



* Gaineamh
* Gairbhéal
* "Top Soil"
* "Filling"
* Clocha — gach saghas clocha le haghaidh bóithre & suíomhanna.
* Leoraí le fáil ar cíos.

An Cheathrú Rua, Co. na Gaillimhe.
Guthán (091) 95001.




**Urraithe na Féile:**
Údarás na Gaeltachta; Éisc Teo.; Óstán an Cheathrú Rua; An Dr. P. Ó Máille; Rónán Ó Gairbhín, An Chiseog; Raidió na Gaeltachta; Co-Op Árainn; A.I.B.; Galway Milk Co.; Oranmore Milk Co.; Breizon Teo.; Tony Moylan, Cuan Chinn Mhara Teo, Muintearas na nOileán; Óstán an Dóilín.
*Snámh:* Billy agus Orla Ní Chonbhuigh.

**Cupáin:**
*Gleoiteogaí Beaga* — **Craobh na hÉireann:** Clàda Minerals.
*Gleoiteogaí Móra* — **Craobh na hÉireann:** Óstán an Dóilín.
*Sinsir:* Peadar Ó Sé.
*Sóisir:* Réalt na Maidne.
*Rogha Curach:* Óstán Cheathrú Rua.
*Báid Mhóra:* Údarás na Gaeltachta.
*Leathbháid:* Corn Cuimhneachán Thomás Breathnach.
*Rása Rogha Curach Oscailte:* An Chiseog.
*Rása Rogha Curach Triúr:* An Chiseog.
*Rása Rogha Curach Ceathrar:* Buanchorn Ostár an Cheathrú Rua.
*Rása Fear Aonair:* Féile na nOileán.
*Rása Craoibhne Mná:* Tommy Walsh.
*Rása Asail:* Coiste.
*Tarraingt Téide:* Coiste.
*Caitheamh Cruithe:* Tí Fhlatharta, Doire Né.
*Rása bóthair:* Tomás Ó Cartúir.
*Rása bóthair (mná):* Comharchumann na Ceathrún Rua.

Tá na cupáin eile luaite faoi Seó na gCapaillíní.



*Capaillín le Peait Choilm an Fháthharta, Tuairín ag Seó na bliana seo caite.*

## Tabhair Faoi Deara

(a) Geallta báid mhóra is leathbháid .
Geallta Gleoiteogaí beaga is móra:
Maoir an lae: Pádraig de Bhailís, Tomás Ó Flátharta.
(b) Rásaí na gCurach:
Maoir: Pádraig Mac Donncha,
(c) Rása bóthair: Oscailte do fhir is mná as Conamara amháin, ó Bhearna go Carna.
(d) Tarraingt téide: de réir rialacha an Tug-o-War Association.
(e) Capaillíní: Maoir an lae: Tomás Ó Fátharta, Micheál Mac Donncha.

*Buan-Choirn ar fad iad coirn na féile agus níl aon teora leis an méid blianta gur féidir na buan-choirn a bhuachaint. Caithfear iad a thabhairt ar ais don Choiste taobh istigh de bhliain.*

# TOMÁS BREATHNACH TEO.



AN CHEATHRÚ RUA

**Grósaer Ginearálta agus Búistéar**


**Calor Gas**

**Gach cineál earra ar fáil**

**Guthán (091) 95121**




# PÁDRAIC NA CARA



*Pádraic Mháirtín Ó Súilleabháin*
*1908-1985.*

*Pádraic Ó Catháin*

Bhuail uaigneas mé an lá cheana agus mé i Ros Comáin. Chuimhnigh mé ar an Domhnach fadó ar thug me féin agus Johnny Phaddy Pádraig na Cara go Ros Comáin. Cluiche fánach eicínt a bhí ar siúl idir Gaillimh agus Ros Comáin, agus go maithe Dia dhúinn é, chum muid do Phádraic gur ar Bhleá Claith a bhí ár n-aghaidh!

Ní raibh Pádraic ariamh go dtí 'n lá sin chomh fada soir leis an Spidéal, ní áirím Gaillimh ná 'n tachré soir. Rinne an fear bocht an-íontas do rudaí nach raibh feicthe go dtí sin aige — sráid an bhaile mhóir agus tithe go haer ar 'chaon taobh, an cluiche féin agus an bualadh bos tréis cúl nó cúilín, droichead an bhóthair iarainn os cionn an bhóthair, (chrom sé a cheann agus muid ag dul faoi).

Ach dá laghad dá raibh feicthe roimhe sin aige, b'aisteach leis Gaillimh a bheith níos mó ná Bleá Cliath (mar cheap sé!). B'éigean dúinn míniú dó gur ar imeall Bhleá Claith a bhí an cluiche agus nach ndeachaigh muid isteach go lár an bhaile, ach, dá dtéadh, go raibh sé i bhfad níos mó ná Gaillimh. Shílfeá gur shásaigh sin beagán é, cé gur cuireadh corr cheist 'na dhiaidh sin, nuair bhínn féin agus é féin i mBleá Cliath ceart! Fuair sé féin réiteach de chineál eicínt ar an gceist sa deireadh, mar thugadh sé Bleá Claith ar áit amháin agus Dublin ar an gceann eile. Chinn sé ariamh orm déanamh amach eatorra!

B'iontach an comhluadar é Pádraic agus ba mhinic a ghiorraigh sé bóthar fada dom. Bhí 'n tan-acfainn grinn aige agus ba mhinic gáire croíúil sa gcomhluadar a mbíodh sé ann. Bhí 'n ceol 'na chroí, agus cé nach raibh sé 'na dhaimhseoir, níor choinnigh sin den urlár é má fuair sé ugach ar bith agus ceol croúil le cloisteáil. Bhí guth fíor bhinn aige, sean-nós den scoth, théadh na focla amú air, ach nár chuma! Nuair dhúnadh

An bhfuil tú chun pósadh?

I gcóir an bhainis is fearr i gConamara



Caithfidh sí a bheith agat in san

**Óstán Carraroe Holiday Village**

Connemara Co.Galway Tel.(091)95116 Telex 28871

Saor in aisce le gach bainis:
Fáiltiú Sherry agus tae
Serviettes Pearsanta
Scian Cáca Bainis
Cairpéad ón Doras
Seirbhís Phearsanta
Anraith ag Críoch
Aimplitheoir agus Pianó ar fáil.

AISEANNA

Linn Snámha
Cúirt Leadóige
Pitch & Putt
Ait súgartha
Seomra Cluichí
Cineama Videó
Sauna
Solarium
Rothair ar Cíos
Siamsa



Pádraic an dá shúil, agus an t-amhrán ag teach óna chroí, b'fhiú éisteacht.

Níor casadh mórán de mhaoin an tsaoil ar Phádraic agus 'na dhiaidh sin féin ní mórán clamhsáin a bhíodh ar siúl aige. Agus mara mbeadh 'na phóca ach an phingin féin, ba mhian leis í roinnt le gasúir scoile ar bith a casfaí air. Bhí an croí mór aige agus é flaithiúil cineálta.

Ní raibh aon Bhéarla aige cé's móite de chúpla focal fánach a chuala sé ar an aonach, ach ní bhíodh leisce ar bith air an beagán sin féin a úsáid agus bleid a bhualadh ar an strainséar féin, agus arnó, má fritheadh blogam de bharr na cainte, b'fhearr ná sin é! Is cuimhneach liom an bheirt againn i mBleá Cliath lá, (Bleá Cliath ceart an iarraidh seo!). Bhí cúram in áit éicínt orm féin agus d'fhág mé Pádraic 'cois an chúntair go mbeinn arais fé cheann leath uaire. Bhí pionta nó dhó os a chomhair ag imeacht dom agus bhí mé sásta go maith liom féin go ndéanfadh sé graithe go dtagainn. 'Mh'anam gurb é rinne, mar bhí duine uasal mór 'na chuideachta nuair tháinig mé agus ní raibh aon chaint ar an tart. Cé nár thuig ceachtar den bheirt caint an duine eile, bhí tuiscint eatorra 'na dhiaidh sin féin.

Bhí aithne agus eolas i bhfaid 's i ngearr ar Phádraic. Blianta fada ó shin, nuair cuireadh dhá chéilí ar siúl i mBleá Claith le ceann a chur ar theach Phádraic, bhí os cionn scór ceoltóirí ar an stáitse, cuid acu siúd a

**Cogaslann agus Bláthlann Uí Mhistéil**

**An Cheathrú Rua**

Cóireacháin bláthanna úra agus síoda,
bláthfhleascanna úra agus síoda.

**Fón (091) 95168 agus 95154.**


# Tigh Joe Joe

**TÍR AN FHIA**

SIOPA, GROSAERA AGUS EARRAÍ CRUA

* * *

SEIRBHISI SOCHRAIDI



CONRAÍ OAK, PARONA PINE AGUS CASKET

* * *

FOGRAÍ PAIPEIR AGUS RAIDIO

* * *

BLATHFHLEASCANNA AGUS ÚR

* * *

PARLÚS (FUNERAL PARLOUR)

**Gach eolas le fáil ach glaoch ar Joe Joe ag 091-81127**







*I stiúideo Raidió na Gaeltachta "Boston All The Way".*

bhain cáil dhomhanda amach ó shin, cheol siad go binn agus go sásta ar mhaithe le Pádraic. Is cuimhneach liom oíche eile agus é ag imeacht as teach ṡota ansin a mbíodh cuid dá cháirde ag tarraingt ann. Bhí an oiread spraoi ar Phádraic an oíche sin nach raibh fear ná bean sa teach nár fhág slán aige ag imeacht dó. B'shin í an oíche ar bhreathnaigh sé ar arais ón doras agus é ar a bhealach amach, ar chroch sé a dhá láimh san aer gur dhúirt sé lena raibh istigh, "Sharrio"! Ní dhéanfadh an Pápa féin chomh maith é!

Is cuimhneach liom ... Ach níl anseo ach cuimhní. Faraor, tá Pádraic imithe uainn. Sna Flaithis atá an spraoi anois, thabharfainn an leabhar gur ligeadh na gártha áthais agus fáilte nuair a facthas Pádraic ar an táirseach. Nach iomaí ceann maith a chuala siad ó shin.

# ÓSTÁN AN DÓILÍN

**An Cheathrú Rua**
**(091) 95169**




**BIALANN.**


Más Pairtí, Bainis, ná aon chineál cóisir atá uait,
tabharfar aire sa Dóilín dhuit.


***Tá an dá Dhóilín ann.***



*Faoi lán tseoil*





# RAIDIÓ NA GAELTACHTA

*Ag freastal ar Phobal na Gaeltachta agus ar Phobal Chonamara.*

AR AN AER ANOIS ÓNA hOCHT A CHLOG AR MAIDIN.

ADHMHAIDIN
IRIS ANIAR
FOINN AGUS FÓGRAÍ
POIRTÍNÍ BÉIL
FONN CEOIL
TRÁTH NA gCEIST
BÍ LIOM SEAL EILE
COMHLUADAR
LÚRABOG, LARABOG
AIFREANN AN DOMHNAIGH
NUACHT, CÚRSAÍ REATHA & SPÓRT

**Ar VHF/FM 93.2 MHz**
**Meán-Tonn/AM 556m (540 kHz)**

**GUTH NA GAELTACHTA**
**SAOL NA GAELTACHTA**




# Seó Capaillíní Chonamara Cláraithe
# An Cheathrú Rua
# Dé Luain, 4/8/'86 — 11.00 r.n.

***Liosta de na Capaillíní a bhí istigh roimh dul chuig na clódóirí***

**Comórtas 1 — CUPÁN ÓSTÁN NA CEATHRÚN RUA**
Capaillín Bliana "Láir" Cláraithe.

| Capall | Úinéir | Reg. No. | |
|---|---|---|---|
| Lettermuckoo Sweetie | Seán Feeney, Spidéal. | 6616 | 496 |
| Sea Bird (Sire) | Ballydonagh Casanova (370) | 5601 | |
| Capaillín bliana | Seán Ó Cuinn | 5341 | |

**Comórtas 2 — CUPÁN TIGH SÉ, AN CHISTIN**
Capaillín Bliana, Bromach Fireann, "Cláraithe". *(Yearling Colt).*

| | | |
|---|---|---|
| Seán Feeney | Dam: Rosturk Sunbeam<br>Sire: Commanding Mare | 609 |

**Comórtas 3 — CUPÁN JOE JOE MAC AN IOMAIRE**
Capaillín Dhá Bhliain "Láir" "Cláraithe" *(Two Year Old "Mare").*

| | | |
|---|---|---|
| Róisín Bán | Pádraig Breathnach | 8004 |
| Nancy | Micheál Ó Súilleabháin | |
| Speed Boat | Beartla Ó Máille | 8265 |
| Coolmore Bobby Zola | Sean Feeney, Spidéal | 8257 |
| Cailín Donn | Seán Ó Cuinn | 5340 |

**Comórtas 4 — BUANCHORN CHUIMHNEACHÁIN CHÓILÍN UA CHONGHAILE, AN TUAIRÍN. (Bronnta ag a dheirfiúr Máire Bn. Uí Loideáin, Co. na Mí.**
Capaillín Dhá Bhliain, Fireann.

| | | |
|---|---|---|
| Aran Bobby | Seán Feeney | 1126 |

**Comórtas 5 — CUPÁN GALWAY OIL**
Capaillín 3-5 bliana. "Láir" "Cláraithe" *(Mare 3-5 Year Old).*

| | | |
|---|---|---|
| Milford Wren | Seán Breathnach,<br>Snábó, Rosmuc. | 8067 |
| Dawn Surprise | Patrick O'Halloran, Bushypark | 8054 |
| Lady Patricia | Tomás Ó Máille | 8168 |
| Aran Sunrise | Seán Feeney | 8038 |
| Tullapark Party Girl | Seán Feeney | 8139 |
| Holly | Pádraic Ó Nia | 8172 |
| Beauty | Máirtín Ó Gríofa | 8197 |

**Comórtas 6 — CUPÁN TIGH TOMMY**
Capaillín 5-6 mbliana "Láir" "Cláraithe". *(Mare 5-6 Year Old)*

| | | |
|---|---|---|
| Queen of Hearts | Máirtín Ó Coisdealbha | 7684 |
| Gallant Lady | Seán Feeney | 7902 |
| Tullapark Party Girl | Seán Feeney | 8139 |

**Comórtas 7 — CUPÁN CUIMHNEACHÁIN PHÁDRAIG NA CARA**
Láir 7 mbliana agus os a chionn. *(Mare 7 years and upwards).*

| | | | |
|---|---|---|---|
| Fancy Free | Peadar Lydon,<br>Saile Thúna, Spidéal | 5B | 6512 |
| Louise | | | |
| Ros Dubh | Beartla Ó Máille | 5946 | |
| Clynagh Sweetie | Beartla Ó Máille | 5653 | |
| Neainsín Bhán II | Éamonn Ó Fátharta | 7822 | |
| Glenaun Lass | Seán Ó Cuinn, Glenaun | 7208 | |



*Laocha an Oileáin — Fir láidre Inis Mhic Enna, Pádraic Ó Cualáin (Ml. Mhicil), Peadar Mac Donncha (Jimmy an Oileáin), Micheál Ó Cualáin (Cóil Mhicil), Johnny Mac Donncha (Jimmy an Oileáin), Pádraic Mac Donncha (Cóil Mhicil).*



*Billy Ó Conbhuigh, An Cheathrú Rua lena 'dinghy'.*


*Gach deá ghuí don Fhéile*

ó

**GARÁISTE GERAGHTY**
**AN CHEATHRÚ RUA**





**Togha seirbhís ar fáil**

Seomra Spraeála

**Fón 95114.**




**Comórtas 8 — CUPÁN DOCHTÚR PÁDRAIC Ó MÁILLE**
Láir is Searrach "Cláraithe". *(Mare and Foal "Registered").*

| | | |
|---|---|---|
| Flowing Mare | Fionnuala Nic an Iomaire | 7581 |
| Owen's Lady | Micheál Breathnach, Snábó, Rosmuc | 8066 |
| Dawn Surprise | Patrk. O'Halloran, Bushypark | 8054 |
| Neainsín Bhán II | Éamonn Ó Fátharta | 7822 |
| Lettercallow Lady | Tomás Ó Cualáin, Leitircaladh | 7688 |
| Glenaun Lass | Seán Ó Cuinn | 7208 |

**Comórtas 9 — CUPÁN RICHARD QUINN**
Searrach Fireann ó Chapaillín Chonamara Cláraithe. *(Colt Foal).*

| | |
|---|---|
| Searrach le Milfred Wren | Seán Breathnach, Snábó |
| Searrach Fireann | Patrick O'Halloran, Bushypark. Éamonn Ó Fátharta |

**Comórtas 10 — CUPÁN JOHN JOE MAC DONNCHA, GAILLIMH.**
Searrach Baineann ó Chapaillín Chonamara Cláraithe. *(Filly Foal).*

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Fionnuala Nic an Iomaire | 653 | 7581 |
| Searrach le Owen's Lady | Ml. Breathnach, Snábó | | |
| Step Dancer | Beartla Ó Máille | | 7711 |
| Searrach Baineann | Seán Ó Cuinn, Glenaun | | |

**Comórtas 11 — CUPÁN TELEMARA TEO., An Cheathrú Rua.**
Stail "Cláraithe". *(Stallion).*

| | | |
|---|---|---|
| Maam Hill | Beartla Ó Máille | 728 |

**Comórtas 12 — CUPÁN MHÁIRE GEOGHEGAN-QUINN, T.D.**
Comórtas speisialta do mhuintir an cheantair ó Chasla go Leitir Mealláin.

| | | |
|---|---|---|
| Róisín Bán | Pádraig Breathnach | 8044 |
| Blackie | Micheál Ó Súilleabháin | |
| Mollie | Micheál Mac Donncha, Bóthar na Scrathóg | |
| Bridie | Micheál Mac Donncha Bóthar na Scrathóg | |
| Maam Hill | Beartla Ó Máille | |
| Speedboat | Beartla Ó Máille | 8265 |
| Clynagh Sweetie | Beartla Ó Máille | 5653 |
| Step Dancer | Beartla Ó Máille | 7711 |
| Neainsín Bhán II | Éamonn Ó Fátharta | 7822 |
| Lettercallow Lady | Tomás Ó Cualáin | 7688 |
| Princess | Máirtín Lally, Spidéal | |
| Holly | Seán Ó Nia | 8172 |

**Comórtas 13 — CUPÁN MHICHEÁL MAC DONNCHA (TESS)**
An Capaillín is fearr ag an Seó. *(Champion of the Show).*

**Comórtas 14**
Capaillíní nach bhfuil cláraithe.

| | |
|---|---|
| Blackie | Micheál Ó Súilleabháin |
| Mollie | Micheál Mac Donncha, Bóthar na Scrathóg |
| Bridie | Micheál Mac Donncha, Bóthar na Scrathóg |
| Capall bliana | Pádraig Shéamais Ó Conghaile, An Rinn |
| Toureen Star | Tomás Ó Neachtain, Tuairín |
| Black Beauty | Labhrás Mac Donncha, Bóthar na Scrathóg |
| Silver | Ml. Whelan |

*Gach deá ghuí don Fhéile*

**HUGHES**
**&**
**O'DONNELL**
**An Spideál**

Beatha beithíoch
&
Gual

**IRISH SEAFRESH**

**Monarchan Éisc**

**ROS A' MHÍL**

*Gach rath don Fhéile*



**FEILE AN DOILIN**

Ins an domhan mór seo tá féilte go leor againn
nach ridheas an nós é ag óg agus aois
Níl Féile chomh spóirtiúil le Féile an Dóilín
Tabhair nóiméad nó dhó dhom is molfaidh mé í.

A thrá an Dóilín molaim go deo thú,
Tá tú aoibhinn is álainn de ló agus d'oíche
Ní bréag é ná ráiteas gur tusa is áilne
O thug tú barr breacha ó thránnaí an tír.

Más duine faoi bhrón tú glac le mo chomhairle,
Sé Féile an Dóilín a thóigfeas do chroí.
O feicfidh tú spóirt ann ag sean agus óg ann
beidh coimhlint go leor ann ar mhuir is ar thír.

Feicfidh tú gealltа ag currach is ag bád ann
Cé déarfadh nach álainn an radharc iad ag teacht,
Níl ceol ann níos breátha ná ceol maide rámha
Sna tonntrachaí ag ardú is ag briseadh as do chionn.

Tá radharcanna álainn le fáil as an áit seo
O shléibhte thiar Chonnacht go hArainn na Naomh,
Siúl cois na trá síos tá suimhneas in ndán dhuit
Níl áit mar an áit seo is an ghrian ag dul faoi.

Más duine thú a déarfas go bhfuilimse bréagach
Bí ann ag an bhFéile agus breathnaigh go grinn
O cloisfidh tú véarsa, ceol agus scéal ann
Ag cur lena chéile ag Féile an Dóilín.

Véarsa 2 arís.

**Tomás Mac Eoin**

*Cé go bhfuil árachas ar imeachtaí na Féile, ní féidir leis an gCoiste bheith freagrach as timpistí nó as aon rud a cailltear.*

**FLAHERTY MARKETS** THE ELECTRICAL SUPPLIERS

**New Showroom NOW OPEN**

FULL RANGE OF ELECRICAL EQUIPMENT IN STOCK

| | |
|---|---|
| FRIDGES | CABLE |
| FRIDGE-FREEZERS | ACCESSORIES |
| COOKERS | LIGHTING |
| W/MACHINES | HEATING |
| VACUUM CLEANERS | SWITCH GEAR |
| KITCHEN APPLIANCES | CONDUIT |
| ETC. | ETC. |

18 Long Walk, Spanish Arch, Galway.
Tel. (091) 61121/2, 7943, 67368/9.



*Gach deá ghuí*
*ó*

**Lydons**

Prospect Hill,
Gaillimh.




# An Fhéile Deich mBliana faoi Lán-tSeoil

*Seán Ó Conghaile*

Nuair a bhíonn sé ina lán-mhara faoi bhun an tí s'ainne sa mbaile is beag nach bhféadfá dorú a chaitheamh amach as an doras ó dheas. Bhí ceol na farraige inár gcluasa oíche agus lá ó tháinig ann dúinn. Ach cés móite do chorr thráthnóna iascaireachta in éineacht leis an dream atá ar an tsíorraíocht anois, is beag caidéis a fuair mé do na maidhmeanna móra a bhíonn go síorraí ag briseadh go coilgneach isteach ar leacrachaí Bharr na Corra. Ní fiú caint ar a ndearna mé de iomradh agus ní raibh mé i mbád seoil ariamh. Ná fiafraigh díom mar sin cén fáth gur theastaigh uaim rástaí currachaí agus báid mhóra a thosú sa bpobal seo deich mbliana ó shoin.

A, bhuel, bhí caint cloiste agam ar an Tóstal, agus chonaic mé rástaí currachaí i Leitirmóir, ach go deimhin thairis sin ní raibh scil ó Mhac Dé agam sna liúrachaí ná sa ngiota canbháis a shábháileann an bádóir agus an t-iascaire ar an bpoll báite. Nach iontach an muineál a bhí agam mar sin a ghoill a tarraing aghaidh sean-bhádóirí orm féin agus a ghoil dhá gcur i coimhlint lena chéile. Nach orm a bhí an t-ádh gurbh é an dochtúir a tharraing na cúpla fiacail a chaill mé!

Seachain a gceapfá go bhfuil aon mhúisiam orm go raibh mé bainteach le bunú Fhéile an Dóilín i 1976. A mhalairt ar fad atá fíor. Bhí mé ag obair i monarcha Westcon ar an gCeathrú Rua ag an am. Buíochas le Dia gur mhair na rástaí níos fuide ná Westcon ar aon nós! Lá amháin agus muid ag ól braon tae thosaigh mé féin agus na scorachaí eile ag caint ar churrachaí — "nár bhreá an rud rástaí, a muise a mhac, bheadh craic ann, bheadh sárú ann, tharraingeodh sé crowd, agus, agus, agus . . .". Thar laethanntaí an domhain, tháinig Micheál Ó Flatharta agus Micheál Mac Donnacha ag an monarcha go dtí mé an tráthnóna sin. Bhíodar féin ag cuimhniú ar an rud céanna. Caithfidh tusa a bheith in do 'leader' a deir Michaeleen Johnny.


Bunaíodh Coiste agus b'éigean dhom an chathaoir a choinneáil ar feadh blianta. Ach siad na daoine dílse eile a bhí liom a rinne an chuid is mó den obair. Bhí sé sách deacair an t-am sin féin Coiste a thoghadh agus Ciste a chruinniú. Is cosúil ar chaoi ar bith gur réitíodh na fadhbanna agus d'éirigh go breá leis an gcéad Fhéile ag Trá an Dóilín sa mbliain 1976. Más buan mo chuimhne, ba iad Micheál, Colm, agus Pádraig Ó Cualáin ón gCeathrú Rua a ghrú an rása mór.



*Liam Ó Conbhaigh ag bronnadh duais an rása snámh ar Sheosaimhín Ní Dhomhnaill, Claidhneac, ag Féile an Dóilín.*


ARAN ISLAND FERRIES

**LADY OF ARAN**
**DÚN AENGUS**




Ceadúnas agus árachas do 112 paisinéirí.
**Sally agus Paddy O'Brien**
**Gach eolas, fón 72273**

Turas go hoileáin Árainn, fágaíl Ros a'Mhíl 7 lá na seachtaine
10.00 a.m., 10.30 a.m., 12.30 p.m., 1.30 p.m., 6.30 p.m.

**Rátaí speisialta do ghrupaí.**
**Iompraíonn an bád seo lasta chomh maith.**
***"Níl bealach níos deise le dul go hÁrainn ná dul linne.***






*Seán Ó Conghaile ag an siopa taistil a bhí ar an Dóilín anuraidh. Taispéanann an cóta mór cé chomh dona is a bhí an aimsir. Tá súil againn go mbeidh sí níos fearr i mbliana.*

An bhliain dár gcionn rinne Máirtín Chóilín Seóighe cheithre cinn de churrachaí nua don Choiste ar Oileán Inis Bearachain. Ba mhór an chéim ar aghaidh na currachaí a fháil déanta sna blianta tosaigh úd. Tá deich mbliana imithe. Faraoir tá daoine imithe freisin. Ach chuir Féile an Dóilín caitheamh aimsire ar fáil do na mílte duine i gcaitheamh na mblianta sin. Briseadh maidí rámha agus crogaí, agus baineadh gíoscán as glampaí. Chuir scoth na bhfear buicéid allais ar mhaithe le spóirt a sholáthar do dhaoine eile. Ag breathnú siar anois air b'fhiú na rudaí sin ar fad. Is cinnte gur b'fhiú ós rud é go bhfuil daoine inár measc fós atá sásta oibriú go dúthrachtach do Fhéile an Dóilín. Tá creidiúint ag dul do na daoine a réitigh tuilleadh báid mhór agus gleoiteogaí le cúpla bliain. Tá níos mó ná ariamh don aos óg ag glacadh páirt sna rástaí currachaí. Sin cuid mhór de na rudaí a neartaíonn an Fhéile féin. Tá fhios agam go bhfuil sé an-deacair airgead a bhailiú i gcónaí chun íoc as na costaisí go léir. Cheapfainn gur cheart go mbeadh níos mó cabhair le fáil ón Údarás agus Roinn na Gaeltachta má tá airgead le caitheamh acu ar chaomhnú na teangan agus an chultúir. . .

Dhá mbeinn ag piocadh amach na rudaí is mó a chuaigh abhaile orm i gcaitheamh na ndeich mbliana seo caite, ní fhéadfainn dearmad a dhéanamh ar na hocht bhfeara déag a rinne an iomradh go hÁrainn chun airgead a bhailiú ar shon na bPáistí Lagintinneacha. Ba éacht mhisniúil, chríostúil í.

Creidim gur comhoibriú agus cabhair ón bpobal, agus eáchtaí misniúla críostúla eile a chuirfeas Féile an Dóilín ag seoladh go sláintiúil isteach sna deich mbliana atá romhainn.



'An Swan' le Micheál Ó Flatharta, Doirearta.


*Gach deá ghuí do Fhéile an Dóilín*

# an Ċiseoġ

**Bialann: 1-10 i.n.**
**Take-Away: 12.00 meán lae-2.00 a.m.**

Má tá ocras ort suí isteach ag an gCiseóg, nó buail isteach san Take-Away.
*Ronnie & Bríd Ní Ghairbhín*

**An Cheathrú Rua**
*Bialann, Snack Bar & Take-Away*
**Fón: (091) 95222**

*Salads i gcóir an Trá*

**Míle buíochas lenár gcustaiméirí**








*An n-aithníonn sibh iad?*
*Scoláirí taobh amuigh de Ghairmscoil na Ceathrún Ruaidh (Árus Mháirtín Uí Chadhain anois).*

*Tá an Coiste buíoch do Bhríd Bn. Uí Chonaire a chuir na pictiúirí ar fáil.*



# Na Foirne

## RÁSA CURRACHAÍ CANBHÁIS SINSIR

**FÓ RÁSA I**

**(1) Cuilleán**
Pádraic Ó Maoildhia
agus beirt eile.

**(2) Uachtar Ard 1**
Walter Butler
Jim Butler
Martin Butler

**(3) Leitir Móir (Na Cuinn)**
Seán,
Séamus
Máirtín

**(4) An Cheathrú Rua 2.**
Réamon Mac Donnacha
Micheál Ó Maoláin
Rónán Ó Sé.

**FÓ-RÁSA 2.**

**(1) Na Catháin**
Tomás,
Antoine
Máirtín

**(2) An Cheathrú Rua 1.**
Micheál Ó Cualáin
Pádraic Ó Maolalla
Máirtín Mac Donnacha

**(3) Na Cualáin**
Micheál,
Colm
Pádraic

**(4) Uachtar Ard 2.**
Marcus,
Eamon agus
Pádraic Ó Maoildhia.

**FÓ-RÁSA 3.**

**(1) Inis Mhic Cionnaith**
Pádraic Ó Cualáin
Seán Mac Donnacha
Peadar Mac Donnacha

**(2) Co. an Chláir**
Pádraic Ó Lochláinn
Micheál Ó Floinn
Gabriel Ó Cathasaigh

**(3) Leitir Mealláin 2.**
Micheál Ó Lochlainn
Máirtín Ó Conghaile
Réamonn Ó Súilleabháin

**An Tuairín**
Micheál Ó Conghaile
Colm Mac Donnacha
Tomás Ó Neachtain



**FÓ-RÁSA 4**

**(1) Anach Mheáin 2.**
Colm Ó Lupáin
Pádraic Ó Máille
Duine eile.

**(2) Anach Mheáin 1.**
Micheál Ó Lupáin
Pádraic Ó Súilleabháin
Seán Ó Lupáin.

**(3) Leitir Mealláin 1**
Beartlaí Ó Conaire
Máirtín Bairéad
Pádraic Ó Laoi

**(4) Cárna**
Seán Ó Dónaill
Micheál Ó Ceannabháin
Seosamh Ó Ceannabháin

## RÁSA TRIÚR BAN

**(1) An Cheathrú Rua**
Peigí Nic Dhonnacha
agus beirt eile.

**(2) Cárna**
Ellen Ní Héanaí
Áine Bhreathnach
Máirín Ní Chuinn.

## RÁSA SÓISIR FAOI OCHT mBLIANA DÉAG D'AOIS

**FÓ-RÁSA 1**

**(1) Leitir Mealláin 1**
Marcus Bairéad
Pádraic Bairéad
Mac Dara Bairéad

**(2) Leitir Mealláin 2**
Seán Ó Cualáin
P. Ó Súilleabháin

**(3) An Cheathrú Rua**
Caoimhín Ó hAra
M. Mac Donnacha
Seán Ó Gríofa

**FÓ-RÁSA 2.**

**(1) Inistreabhair**
Máirtín Ó Maoildhia
Colm Ó Dubháin
Gearóid Ó Maoildhia

**(2) Leitir Mealláin 3**
Eamon Seoighe
Stiofán Seoighe
Micheál Seoighe

**(3) An Tuairín**
Tomás Ó Neachtain
M. Ó Neachtain
P.S. Mac Donnacha

## RÁSA ROGHA CURRACH TRIÚR


(1) Cuilleán (2) An Cheathrú Rua 1 (3) Na Catháin

(4) Co. an Chláir (5) Inis Mhic Cionnaith (6) Na Cualáin


## RÁSA ROGHA CURRACH CEATHRAR

(1) Na Catháin (2) Co. an Chláir (3) Inis Mhic Cionnaith
(4) Cuilleán (5) An Cheathrú Rua

# CLÁR IMEACHTAÍ







**Dé hAoine, 1ú Lúnasa ag Halla Éinne:**

8.00 Oscailt Oifigiuil (Pádraic de Bháldraithe)
8.30 Rása Bóthair, Fir agus Mná agus faoi 16.
8.30 Rása Barra.
9.00 Muic Gréasáilte.
11.00 Damhsa agus Bronnadh na nDuaiseanna (Barry Ronan).

**Dé Sathairn, 2ú Lúnasa ar Pháirc an Chathánaigh:**

12.00 Luathchleasaíocht don aos óg.
Rása ubh ar Spúnóg faoi 10, faoi 12, agus faoi 14.
Rása mála faoi 10, faoi 12, agus faoi 14.
Rása trí chois faoi 10, faoi 12, agus faoi 14.
Rása 60 slat faoi 10.
Rása 100 slat faoi 12.
Rása 220 slat faoi 14.
1.00 Comórtas Sacair cúigear an taobh, fir agus mná.
5.00 Cluiche Peile — An Cheathrú Rua v Naomh Éinne, Árainn.

**Ag Trá an Dóilín:**


2.30 Gleoiteogaí faoi 23 tr.
Corn, £100 agus 3 phlaic; £50 agus 3 phlaic; £30 agus 3 phlaic; agus £20 costaisí do chuile bhád eile a chríochnaíonn an cúrsa.
2.30 Geallta gleoiteogaí os cionn 23 tr.
Corn, £100 agus 3 phlaic; £50 agus 3 phlaic; £30 agus 3 phlaic; agus £20 costaisí do chuile bhád eile a chríochnaíonn an cúrsa.
3.00 Rása Sóisir faoi Ocht mBliana Déag d'Aois
Buan Chorn Réalt na Maidne, £60 agus 3 phlaic; £30; £20.
4.00 Rása Rogha Currach 3 (triúr)
Buan Chorn an Chiseog, £150 agus 3 phlaic; £75; £30.
5.00 Rása Rogha Currach 4
Buan Chorn Óstán na Ceathrún Rua, £150 agus 3 phlaic; £75; £30.
11.00 Damhsa — Bronnadh na nDuaiseanna. (Matt Cunningham)

**Dé Domhnaigh, 3ú Lúnasa ag Trá an Dóilín:**

2.00 Aeraíocht.
2.00 Rása Dinghies.
2.00 Snámh.
2.30 Fo-Rása Curachaí Canbháis Sinsir.
3.00 Caitheamh Cruithe Caitheamh Meáchain.
3.30 Rása Triúr Ban
Buan Chorn Cuimhneacháin Thomáis Breathnach, £60 agus 3 phlaic; £45; £30.
5.00 Rása Curachaí Canbháis Sinsir
Buan Chorn Pheadair Uí Shé, £300 agus 3 phlaic; £120 agus 3 phlaic; £60 agus 3 phlaic; £30 agus 3 phlaic.
11.00 Damhsa agus Bronnadh Duaiseanna (Vinnie Mongan Roadshow).

**Ó Chaladh Thaidhg:**

2.00 Rása Púcáin.
Corn, £100 agus 3 phlaic; £50 agus 3 phlaic; £30 agus 3 phlaic; agus £20.
2.30 Geallta Báid Mhóra
Corn, £150 agus 4 phlaic; £80 agus 4 phlaic; £60 agus 4 phlaic; agus £40 costaisí do chuile bhád eile a chríochnaíonn an cúrsa.
2.30 Geallta Leath Bháid
Corn, £100 agus 4 phlaic; £50 agus 4 phlaic; £30 agus 4 phlaic; agus £30 costaisí do chuile bhád eile a chríochnaíonn an cúrsa.



**Dé Luain, 4ú Lúnasa ag an Scoil Chuimsitheach:**

11.00 Seo Capaillíní Chonamara.
12.00 Aeraíocht: Comórtaisí ceoil, amhráin agus damhsa.
4.00 Rása Asail, Tarraingt Téide.
11.00 Damhsa agus Bronnadh na nDuaiseanna (Matt Cunningham).

# Imeachtaí Dé Sathairn, 2ú Lúnasa ar Pháirc an Chátháneigh

12.00 Lúthchleasa don Aos Óg 14 bl.
Rása ubh ar spunóg faoi 10, faoi 12 agus faoi 14.
Rása mála faoi 10, faoi 12 agus faoi 14.
Rása trí chois faoi 10, faoi 12 agus faoi 14.
Rása 60 slat faoi 10.
Rása 100 slat faoi 12.
Rása 220 slat faoi 14.

1.00 Comórtas Sacair 5-an-taobh fir agus mná.

5.00 Cluiche Peile na Féile.

## An Cheathrú Rua
v
## Naomh Éinne Árainn

**NA FÓIRNE**

**Árainn**

1. Tadhg Ó hIarnáin; 2. Máirtín Ó Domhnaill; 3. Beartlaí Ó Flaithearta; 4. Tomás Ó Flaithearta; 5. Dónall Ó Logáin; 6. Máirtín Ó Flaithearta; 7. Rónán De Búrca; 8. Colm Ó Flaithearta (Caip.); 9. Breandán Ó Conghaile; 10. Seosamh Ó hIarnáin; 11. Máirtín Ó Conghaile; 12. Arthur Ó Flaithearta; 13. Máirtín Ó Maoilchiaráin; 14. Gearóid Mac Giolla Phóil; 15. Éinne Ó Goill; 16. Pádraic Ó Flaithearta; 17. Pádraic Ó Goill; 18. Seosamh Seoige; 19. Tomás Seoige; 20. Colm Ó Flaithearta.

**An Cheathrú Rua**

1. Daithí Ruiséal; 2. Máirtín Ó Gabháin; 3. Tomás Ó Flaithearta; 4. Stiofán Mac Donnacha; 5. Caoimhín Mac Donnacha; 6. Tomás Ó Ceallaigh; 7. Aodán Ó Sé (Caip.); 8. Gearóid Ó Cualáin; 9. Rónán Ó Sé; 10. Micheál Ó Lorcáin; 11. Máirtín Óg Mac Donnacha; 12. Caoimhín Ó Gionnáin; 13. Peadar Ó Flatharta; 14. Máirtín Ó Meachair; 15. Seámus Ó Loideáin; 16. Pádraic Mac Donnacha; 17. Micheál Mac Donnacha; 18. Caoimhín Ó Flatharta; 19. Seosamh Mac Donnacha; 20. Micheál Ó Conghaile; 21. Colm Ó Fiannachta; 22. Micheál Mac Donnacha; 23. Stiofán Ó Gríofa.

*(Bainisteoir: Seán Breathnach)*





*Cuid do na gasúir a d'fhreastal ar ranganna snámha '84 a d'eagraigh an Coiste Sóisialta agus Aclaíochta. Bíonbn ranganna snámh ann gach Samhraidh.*

Gach deá ghuí don Fhéile

ó

**Tigh an Táilliúra**

An Cheathrú Rua

Teach Ósta – Off Licence

**Bialann**

Siopa éadaigh Fir, Mná agus Páistí
Gach cineál bróga
Na faisiún is deireanaí ar an margadh

*Fón (091) 95135*



*An é Naomh Christopher é fhéin atá ann? Cóilín Ó Flátharta, Cuileán, ag cuidiú leis na mná theacht i dtír, le Pádraic Ó Maolalaigh ar na maidí.*

*Gach deá ghuí don Fhéile*

**Micí Ó Flatharta**

**AN CHEATHRÚ RUA**

**Fló Gas, Grósaer, Trádálaí agus Búistéir**

**Fón: (091) 95110**



# Rinne an Bell Staidéar


Tá dhá thaobh ar bhád is dhá leagan ar scéal agus is iomaí inseacht ar an scéal céanna. Má chuala tú caint ar na statues ag corraí, b'fhéidir nár airigh tú focal ariamh ar an lá a ndearna an Bell staidéar.

Tá cúpla leagan ar an scéal seo. Is cinnte gur thárla sé, ach tá sé fíor-dheacair bheith cinnte ar thárla gach rud mar atá ráite, nó an é 'chaoi ar baineadh fad as an scéal, agus go raibh gá iontas mór a dhéanamh le go dtabharfaí suntas dó.

Thit an Bell ag doras an tSéipéil ar an gCeathrú Rua maidin Domhnaigh agus an pobal ag dul isteach ag an Aifreann. Níor gortaíodh duine ná deoraí, agus má chreideann tú an té a dúirt — "go ndearna an Bell staidéar" — gur fhan an Bell crochta san aer fiche troigh ón talamh go dtí go raibh gach mac máthar agus iníon athar bailithe isteach, caithfidh tú a rá nach bhfuil i míorúiltí an lae inniu ach sop in áit na scuaibe, le h'ais ar thárla an mhaidin Domhnaigh sin agus an slua ag triall ar Aifreann.


Bhíodh clog an Aifreann, nó "an Bell", mar thugtaí i gcónaí air, shuas ar bhinn an tSéipéil, in airde ós cionn an doras mór agus rópa nó slabhra ag teacht anuas uaidh le na bhualadh, agus nuair 'bhí sin déanta cheanglaítí an rópa ar phosta beag a bhí ansin i gcoir na hócáide.

Cosúil le gach séipéal, bíonn go leor daoine ag dul isteach in éindí, ag am Aifreann, agus ba le na linn sin a thit an Bell. Ach má thit féin, bhí






*Teach Pobail Mhic Dara, san aimsir a caitheadh agus sa lá atá inniu ann.*



*Fionnuala Nic Dhonncha ar 'Luck Penny'. Máirtín Mac Donncha á coinneáil.*




**DISCOVER THE ARAN ISLANDS**

ON THE

## Queen of Aran

**Boats Licenced, Insured and Bord Fáilte Approved**
**Phone (091) 68903 or 69447/95036 after hours.**




Dia go maith agus Máthair mhaith aige agus níor déanadh gortú ná dochar d'aon duine.


Cuireadh arais an Bell, agus bhíodh sé san áit céanna sin go dtí 1950 nuair a cuireadh san tower é, agus bhí lorg áit ar thuirling sé le feiceál ansin ag cách gur deisíodh timpeall an tséipéil i 1965.

Ó tharla nár gortaíodh éinne agus, Dia idir sinn agus an anachain, nár maraíodh duine ar bith, níl droch-scéal le n-inseacht faoin maidin sin. Tá leagan eile den scéal ina ndeirtear nach raibh duine ar bith cóngarach don Bell is é ag titim.

Deirtear freisin go raibh sé ina stoirm is ina ghála mór an mhaidin Domhnach sin, ach tá go leor daoine de'n tuairim marach chomh deabhóideach is chomh mór a meas 'bheith triail ar Aifreann, gur scéal eile ar fad — scéal uafáis agus bróin b'fhéidir, agus ní scéal íontais is alltachta a bhéadh acu faoi'n maidin a ndearna an Bell staidéar.



*Ceol na Mara — Gleoiteog Chóilín Mháirtín Chóilín Mac Donncha, Cuileán, a bhfuil rástaí grúite aici sa Spidéal agus Cuigéal cheana i mbliana.*



*Tá siad in ann iomramh ar an talamh tirim freisin, Johnny Jimmy Mac Donncha, Máirtín Ó Briain agus Pádraic Ó Cualáin i bparáid na Féile Pádraig.*


*Gach deá ghuí do Fhéile an Dóilín*

*ó*

**Tigh Cheallaigh**

AN CHEATHRÚ RUA

SEOMRA CLUICHÍ
SNACK BAR


"TAKE – AWAY" OSCAILTE DEIREANACH GACH DEIREADH SEACHTAINE.






*Peigín Leitir Móir 1986 — Ann Marie Nic Dhonnacha, An Rinn. Déanann Coiste Fhéile an Dóilín comhghairdeachas léi.*





*An-rás rite ag Micheál Ó Gaoithín, Sruthán, Seán Mac Donncha, Doirearta Mór ag oscailt na Féile i 1985.*



*Ag tarraingt móna anuas ó Chinn Mhara ar bhóthar Leitir Mucú thart ar 1935. Model T Ford Ton Truck le Seoirse E. Ó Domhnaill, Cladhnach — an chéad lód-ghluaisteán a rinne an obair san gceantar thart fán Cheathrú Rua, Cladhnach, Casla, Camus, Leitir Móir, Ros a' Mhíl agus Baile na hAbhann.*


*Gach deá ghuí don Fhéile*


**Mícheál agus Tess**

**COMHLUCHT IOMPAIR EARRAÍ NA CEATHRÚN RUA TEO.,**
**Fón: (091) 95214**

Blocanna, Gainnimh srl. ar an bpraghas is ísle.
Tarraingeoirí feamainne agus móin
Lorraí ar cíos am ar bith ach glaoch ar an uimhir thuas.




*D'éirigh thar barr leis na rástaí a d'eagraigh Club Óige Feachtas ar Loch a' Mhuilinn anuraidh. Ní raibh rása curach ar an loch le beagnach leathchéad bliain roimhe sin. San alt seo déanann Dónal Ó Colchúin cur síos ar rásaí Loch a' Mhuilinn sa tsean aimsir.*



# Rásaí Loch a' Mhuilinn

Domhnach a bhí ann. Domhnach dorcha i lár an tsamhraidh ach mar sin fhéin bhí neart daoine ag tarraingt ar Loch a' Mhuilinn. Is ansiúd a bhí Rásaí na gCurrach agus is ann freisin a bheadh an choimhlint mhór.

Ní raibh dream ar bith ag an am sin in ann ag muintir na Ronna. Bhí siad óg, bhí siad láidir, agus bhí siad uilechumhachtach. Chomh luath in Éirinn is a dhírigh Máirtín Bhaibín is a bheirt chomrádaí gob na curraigh ar an mbuaidh, ní raibh currach ná fir iomra ann a bhí in ann coinneáil leo. Bhí lucht na n-oileán ag an am sin, ag rá go raibh currach agus criú acu fhéin ar an Trá Bháin, a bhí chomh maith le dream ar bith, ach bhí sé an-deacair acu uilig bheith aontaithe faoi cá mbeadh an rás. Dá dtéadh muintir na Ronna siar, bheadh eolas níos fearr ag lucht na Trá Báine ar an sruth thiar, agus dá mbeadh an rás amach ó Chaladh a' Thaidhg, bheadh cleachtadh níos fearr ag Máirtín Bhaibín agus a bheirt chomhleacaithe ar an sruth ansin. Dá bhrí sin socraíodh gurb ar Loch a' Mhuilinn ar an gCeathrú Rua an áit ab fhearr.

Ar ndóigh, bhí níos mó ag baint leis an rás seo ná cé bhí chun cinn agus



*'Tóin le Gaoth', ar nós asal beag dubh shean-Phádraic i gCinn Mhara.*
*Seans nach raibh 'stickers' sa bhfaisean an t-am sin.*


**Ruaidhrí ó Conchubhair**



SIOPADÓIR



OLLMHARGADH
LEITIR MÓIR

Fón: 81128




cé bhí chun deire. Bhí duais airgid i gceist cinnte, agus ag an am sin nuair 'bhí céad mine, plug tobac, tae, siúcra le fáil ar phunt, ba mhór an meas a bhí ar nóta chúig phunt.

Ach, chomh maith le dhá churrach agus dhá chriú bheith ag coimhlint, bhí dhá dhream daoine ag iomaíocht a bhí bródúil as a muintir féin, agus bhí dul ag 'spáint don saol cé acu b'fhearr ag na maidí rámha.

Bhí an cúrsa ar chosúlacht triantáin — soir ó thuaidh don bhruach, ó dheas in aice an factory, agus siar go dtí an gob, an áit a raibh críoch an rása, tréis an cúrsa a dhéanamh dhá uair.

Is cinnte go raibh an-choimhlint i gceist — gur cuireadh allas, agus b'fhéidir an rud is mó a bhí i gceist, gur cuireadh suim faoi leith san gcomórtas idir na paróistí éagsúla. Ag an am sin, ní raibh páirc peile ná hallaí céilí nó tada mar é sna ceantair, agus chuir lá ar nós Rásaí Loch a' Mhuileann deis ar fáil do na daoine castáil ar a chéile. Thugadh na daoine a tháinig aniar, cuairt ar a ndaoine muintire, agus chuir go leor de'n dream óg aithne ar ghaolta nach bhfacadar ariamh roimhe sin. Is iomdha sean-Raleigh ar cuireadh caoi air i gcóir an lae sin, agus ar ndó bhí rása nó dhó aniar bóthar an Daingin.

B'é John Saile a bhí i gceannas ag na rástaí seo ag Loch a' Mhuilinn agus is iomdha sin duine agus iad ag déanamh cur-síos ar an lá mór seo, go mbíodh trácht acu ar John agus gunna mór aige, agus é ag fáil faoi réir le tús a chur leis an rása. Ach ba ag deire an rás ba mhó a bhí tábhacht ag baint, agus nuair a bhí an t-urchar scaoilte agus púr beag deataigh ag éirí san aer ó na ghunna, b'shin é an uair a raibh seaimpíní Loch a' Mhuilinn ar eolas ag chuile dhuine.

Bhí bliain eile roimh lucht an dara háite chun traenáil agus chun pleanáil, agus nuair a thiocfaidh an lá mór sin arís, bheadh géar-choimhlint agus na fóirne ag iomramh ar a seacht míle dícheall ag iarraidh an rás a bhuachaint an bhliain dár gcionn.



*Gach dea ghuí don Fhéile*

**TEACH UÍ THUATHAIL**

***Oifig an Phoist***

**CASLA**

**Grósaer agus Trádálaí**



*Freda Gillen-Bn. Uí Chatháin ag glacadh páirt i scannán ar Oileán Chliara i gCo. Mhaigh Eo.*


**Comhlucht Adhmaid Chonamara Teo.**

Doirse, Fuinneogai
agus
Kitchen Units.

Gloine.


Casla, Co. na Gaillimhe.

**Fón 72290.**






*Tá an Coiste an-bhuíoch do Teresa Ní Mhaoilia-Bn. Uí Chatháin, a rinne sár-obair mar Rúnaí i 1984 agus 1985.*




*Éamonn Ó Fátharta, Cladhnach le Neainsín Bhán II.*


Tí Uí Fhlatharta

**Doire Né**

**Buail isteach ar do Bhealach siar nó aniar** **neart le n-ithe agus le n-ól**
**Beidh Céad Míle Fáilte romhat** **Fón (091) 72213**

*Gach deá ghuí do Fhéile an Dóilín*



*Seaimpíní an Dóilín '85 — Peter Jimmy Mac Donncha, Johnny Jimmy Mac Donncha, Pádraic Ó Cualáin, Inismhicenna.*


# Noel Mac Donnacha

**AN CHEATHRÚ RUA**

***Busanna ar Hire * Turais Scoile***

***Bingo * Portach.***

***Sa mbaile agus thar lear.***

**Fón 95111.**



*Gach deá ghuí do Pháirc an Chathánaigh.*






*Pádraic Ó Máille, Pádraic Ó Loideáin, Seán Ó Gríofa agus Máirtín Ó Duibheáin, An Bóthar Buí.*



*Iar-chisteoir na Féile, Barra Ó Gríofa, Caorán Mór, ar an Dóilín.*



*Ceannacht na milseáin.*


*Gach deá-ghuí do Fhéile an Dóilín*

*ó*

## Mhuintir Uí Cholchúin

An siopa Gaelach ar aghaidh an tséipéil.

Ceirníní ceoil agus téipeanna.



*Iomróirí óga Leitir Mealláin.*

*Gach deá ghuí don Fhéile*


**Pluincéad S Ó Tuathail**

Leitir Móir
Fón: 81157


Ostóir Siopadóir Petrol

Má bhíonn suim i ndeoch agat faoi chompóirt
ná téigh thairis.
Casfar cáirde leat ann.





*Caisleán Uí Bhriain, Inis Oírr, leis an Naomh Éanna amuigh ar an bhfarraige.*




*Fuinneog an Teampaill.*

# Teampall Chaomhán, Inis Oírr

Is dóigh nach mórán agaibh a chaith aon oíche ariamh istigh i reilig? Sách fada a bhéas muid inti, a deir tú. Ar feadh ceithre bliana i ndiaidh a chéile chaith mise oíche i reilig, níos doimhne síos ná uaigh ar bith inti.

Féile Chaomháin, naomhphátrún Inis Oírr a bhí á ceiliúradh. Ar bhigil na féile caitheann cuid de mhuintir an oileáin an oíche i mbun turais agus guí i dTeampall agus ag leaba Chaomháin atá i gceartlár na reilige, faoi leibhéal na talún, istigh i lár chnocáin atá tógtha ag gaineamh séidte agus a bhfuil an reilig ar a mbarr.

Dearthár le Caoimhín, naomh Ghleann Dhá Locha a bhí Caomhán, naomh a raibh an-ómós ag bádóirí agus iascairí dó. Tá cosúlachtaí le tabhairt faoi deara ar na Teampaill a thóg siad beirt. Tá pictiúr anseo d'fhuinneog an Teampaill a bhfuil sé ráite fúithi nach mbeidh trioblóid ar bith ar an té a théann tríthi dul isteach trí gheataí na bhFlaitheas. Tá súil



*Pádraic Ó Máille, Doirefhearta le Mark Geoghegan, Uachtar Ard ag an scoil Chuimsitheach (Seó na bliana '84). Fuair Mark bás in aois 95 bliain anuraidh, go ndéana Dia grásta air.*


# Gruagaire Mary Joe

**MÁIRE BERNADETTE NIC DHONNCHADHA**
**Bóthar Buí, An Cheathrú Rua**



*Oscailte 5 Lá*

Máirt, Céadaoin, Déardaoin
**10.00 a.m.-7.00 i.n.**
Dé hAoine **10.00 a.m.-9.00 i.n.**
Dé Sathairn **10.00 a.m.-7.00 i.n.**



Fón: 95021

Polladh Cluasa *(Ear Piercing)*
*Míle buíochas dár gcustaiméirí uilig.*






*Inis Oírr: Na curachaí ag fáil faoi réir le gabháil amach ag an Naomh Éanna.*

agam go mbeidh na geataí sin níos leithne, mar chinn sé ormsa, dul tríd an bhfuinneog sin ariamh.


*Pádraig Standún*


# AN CHISTIN

**An Cheathrú Rua**

**Teach Spóirt, Ceol agus Craic**
**Bia agus Deoch**

Gach deá ghuí don Fhéile
**Mhuintir Uí Shé**
Fón: 091-95151



Cisteoir na Féile, Micheál Mac Donncha.



Bríd Bn. Uí Fhláitharta, Cuileán, Bairbre Bn. Uí Sheoige, Cárna ar an Dóilín.


Gach deá-ghuí do Fhéile an Dóilín

**Nioclás P. Ó Conchubhair Teo.**

**LEITIR MÓIR**


**Fón: 81114 (obair); 81102 (baile)**


SIOPA CRUA EARRAÍ

*Tá ábhar tithe le fáile anseo.*
*Tá gach saghas adhmad ann*
*Gach cineál péint ann.*
*Agus tearra le haghaidh báid.*




Beairtle Ó Máille agus Seán Ó Flatharta, Doirearta Beag, le gasúir Sheáin sa 'trap'.





Máirtín Chóilín Mac Donncha, Cuileán, agus a bhean Baba Chite.


Gach deá ghuí don Fhéile
ó

**SHIOPA UÍ CHUALAIN**

Baile na Cille
Gach saghas earraí ar fáil
Fón (091) 81116



*Ag réiteach le haghaidh turas go hÁrainn sa Maighdean Mara. Johnny Jimmy Mac Donncha, Cuileán ar an halmadóir, a mhac Pádraig, agus Gearmánach Phádraic Uí Mháille ar na maidí.*


*Gach deá ghuí ó*

**Réalt na Maidne**

**Ceol gach deire seachtaine**

**Pub Grub**

**Guthán 95193**

*Hearse agus socrú sochraidí*




*Susan Ní Fhlátharta, Tigh an Táilliúra.*





*Seán Stiofán Ó Cualáin, Caorán Beag, agus Banna Ceoil Cheann Ghólam.*


Gach deá ghuí ó

**MHÍCHEÁL Ó DOMHNAILL**

**Trádálaí agus Teach Aíochta**


**AN CHEATHRÚ RUA**

**Fón: 091-95216**

An teach le cáil



*Máirtín Ó Cinnéide, Doirearta Mór ar an Dóilín anuraidh.*



*An tAth. John Wallace, U.S.A. As Poinnte a athair agus a mháthair.*


TAISTIL MAITIÚ Ó DOMHNAILL
Gníomharacht Oifigiúil



MATT O'DONNELL TRAVEL
An Cheathrú Rua

Fón: 091-95221

Faigh praghas uainne ar aon chineál taistil, grúpaí eagraithe nó duine aonair
GACH ÁIT AR FUD AN DOMHAIN

*Go néirí go geal le Féile an Dóilín*





An-bhanc
An-chraobh
An-daoine
An-seirbhís



.... mar sin, is le cúntas taisce an Bhainc Aontais a thosaíomar.

Banc Aontas Éireann
*Baincéireacht do shaol níos fearr.*